An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator




# Tuarascáil Bhliantúil 2025

**Cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia**



# Ábhair


**Nóta ón gCathaoirleach** ........................ 2

**Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** .................. 4

**An Rialálaí Agraibhia** ............................. 6

*Cé muid féin* ........................................................ 6

*Cad a dhéanaimid* .............................................. 7

**Fís, Misean agus Luachanna** ................ 8

**Ráiteas Straitéise 2024 - 2026** ........... 9

**2025 i mbeagán focal** .......................... 10

**Monatóireacht agus Forfheidhmiú an Dlí Trádála Éagóraí Agraibhia** .......... 12

*Gníomhaíochtaí Faireacháin ar Chomhlíonadh* ................................................. 12

*Cleachtais Éagóracha Trádála (CÉTanna) agus Suirbhéanna Trádála Ginearálta* ....... 13

*Tuarascáil ar Ghearáin agus Imscrúduithe* ................................................. 14

*Gníomhaíochtaí AE* ....................................... 15

**Trédhearcacht feadh an tSlabhra Soláthair a Fheabhsú** ........................... 17

*Feidhm Nua an Rialálaí Agraibhia* ............. 17

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Éifeachtach le Páirtithe Leasmhara** .. 19

*Rannpháirtíocht agus Feasacht* ................... 19

*Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta* ....................... 22

**Tógáil Acmhainne Eagraíochtúla** .... 24

*Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú* ........................................................ 24

*Beartais Eagraíochtúla* ................................... 24

*Soláthar Foirne* ................................................ 24

*Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* ........................................................ 25

**Rialachas Corparáideach** .................... 26

*Struchtúir an Bhoird* ....................................... 26

*Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh* ........................... 27

*Coistí an Bhoird* ............................................... 27

*Freagrachtaí an Bhoird* ................................... 27

*An Cód Cleachtais* ............................................ 28

*Comhaltaí an Bhoird agus Neamhspleáchas* ............................................. 28

*Cothromaíocht Inscne* ..................................... 28

*Eitic in Oifigí Poiblí* ......................................... 29

*Saoráil Faisnéise* .............................................. 29

*Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* ............. 29

*Íocaíochtaí Prasa* ............................................. 29

*Plean Soláthair Chorparáidigh* ..................... 30

*Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí* .......................... 30

# Nóta ón gCathaoirleach



**Mar Chathaoirleach an Rialálaí Agraibhia, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair le haghaidh 2025 arbh é an dara bliain iomlán oibríochta don Rialálaí Agraibhia. Baineadh garspriocanna suntasacha amach le linn na bliana a léirigh dul chun cinn, forbairt agus fás maidir leis an bhfís de shlabhra soláthair agraibhia atá cóir agus trédhearcach a fhíorú.**

Tharla cor cinniúna ag deireadh na bliana nuair a shínigh an tAire Martin Heydon Rialacháin lenar bronnadh an chumhacht ar an Rialálaí Agraibhia chun iallach a chur ar ghnólachtaí faisnéis phraghais agus mhargaidh a sholáthar sna cásanna sin nár comhlíonadh iarrataí deonacha ar fhaisnéis dá leithéid. Dar liom féin agus dar le comhghleacaithe ar an mBord gur cumhacht bhunriachtanach é sin don Rialálaí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le heaspa trédhearcachta agus le neamhshiméadracht faisnéise i slabhra an tsoláthair agraibhia.

Aithním obair dhíograiseach an Aire agus na n-oifigeach dá chuid le linn an phróisis chomhairligh agus reachtaíochta sular síníodh na Rialacháin nua ina ndlí. Thosaigh an Rialálaí ag ullmhú do chur chun feidhme éifeachtach na Rialachán chun anailís phraghais agus mhargaidh a sholáthar atá fiúntach agus géarchúiseach.

Ag an am céanna, leanadh ar aghaidh leis an obair luachmhar a dhéanann an t-aonad um Anailís Sonraí Praghais agus Margaidh chun faisnéis mhargaidh atá ar fáil go poiblí a dhéanamh níos inrochtana. Le linn 2025, rinneadh tuarascálacha idirghníomhacha do na hearnálacha déiríochta, uibheacha agus éanlaithe clóis, gairneoireachta, caorach agus torthaí, agus

cuireadh ar fáil iad ar shuíomh gréasáin an Rialálaí – leis na tuarascálacha sin leagadh an bonn síos ionas gur féidir leis an Rialálaí é féin a bhunú mar fhoinse iontaofa faisnéise chun tuiscint ar fheidhmiú shlabhra an tsoláthair agraibhia a fheabhsú. Sna tuarascálacha 'deaise' sin, tugtar sonraí le chéile ón iliomad foinsí, agus cuirtear i láthair iad ar bhealach níos intuigthe le graif agus le táblaí. Mar gheall air sin, tá páirtithe leasmhara ar fud shlabhra an tsoláthair in ann tuiscint níos fearr a fháil ar dhinimic mhargaidh.

Ceann eile de na tosaíochtaí lárnacha le linn 2025 ná leathnú na ngníomhaíochtaí comhlíontachta agus forfheidhmithe de chuid an aonaid Comhlíontachta agus Forfheidhmithe um Chleachtais Éagóracha Trádála. Áiríodh leo siúd breithniú cúramach ar na tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh a chuir Ceannaitheoirí Tuairiscithe Comhlíontachta isteach agus suirbhé a dhéanamh ar sholáthraithe táirgí agraibhia d'ocht gcinn de mhiondíoltóirí agus de mhórdhíoltóirí ar leith.

Ina theannta sin, tháinig méadú ar líon na gcigireachtaí a rinneadh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán i gcomparáid leis an mbliain seo caite. B'údar misnigh é freisin go raibh méadú ar líon na soláthraithe a rinne teagmháil leis an Rialálaí chun gearáin a dhéanamh nó díreach chun ceist a chur. Léirítear leis sin go soiléir an iontaoibh agus an mhuinín atá ag méadú as obair an Rialálaí Agraibhia.

Ba é buaicphointe ar leith in 2025 domsa ná labhairt le rannpháirtithe ag comhdháil tionscnaimh an Rialálaí Agraibhia, mar gur dheis é sin bailiú le chéile le scata mór éagsúil na bpáirtithe leasmhara de chuid an Rialálaí Agraibhia agus caidreamh a dhéanamh leo. Ó fheirmeoirí agus fiontraithe gnólachtaí beaga bia go dtí lucht déanta beartas, próiseálaithe agus miondíoltóirí, deis ar leith do chách a bhí ann chun caidreamh a fhorbairt agus plé a chothú maidir lenár leas coiteann i slabhra inbhuanaithe an tsoláthair agraibhia.

Chomh maith leis na príomhéachtaí agus príomhthionscnaimh sin, cuirtear raon leathan réimsí i láthair sa tuarascáil bhliantúil inar chuir an Rialálaí a mhisean i gcrích chun a bheith ag feidhmiú mar ghuth neamhspleách maidir le cur chun cinn cothroime agus trédhearcachta i gcaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair agraibhia in 2025.

Ba mhaith liom díograis an Bhoird a aithint, agus bhí a dtiomantas chun a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a feidhmeanna go hiomlán mar a bheartaítear iad ríthábhachtach dár n-éachtaí i mbliana.

Táim buíoch freisin de neartú an chaidrimh oibre a d'fhorbair mé leis an bPríomh-Fheidhmeannach Niamh Lenehan, chomh maith le gairmiúlacht agus tiomantas na foirne feidhmiúcháin.

Thar ceann an Bhoird agus na foirne, táim ag súil le cur leis na héachtaí go dtí seo agus leis na hullmhúcháin chun tús a chur leis an gcéad chéim eile de shlabhra soláthair agraibhia a sheachadadh atá níos trédhearcaí agus níos córa a théann chun sochair do gach duine.

**Joe Healy**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

**Bliain shonrach ab ea 2025 don Rialálaí Agraibhia mar gur fhorbair an eagraíocht a cumas a thuilleadh a shainchúram reachtúil a chur chun tosaigh chun cothroime agus trédhearcacht i slabhra soláthair agraibhia na hÉireann a chur chun cinn.**

Le bliain anuas, mar eagraíocht réasúnta nua fós, leagadh béim ar leith ar dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar bhealach fiúntach, acmhainn soláthair foirne a neartú de réir a chéile agus feasacht a leathnú ar ról agus feidhmeanna an Rialálaí.

Thug an Rialálaí tosaíocht d'fhorbairt sheasta na hiontaoibhe ar fud shlabhra an tsoláthair agraibhia. Mar eagraíocht neamhspleách atá faoi stiúir fianaise, tá an Rialálaí tiomanta d'oibriú go cuiditheach le gach páirtí leasmhar agus aird ar leith á tabhairt ar inmharthanacht gnólachtaí feirmeoireachta agus iascaireachta agus gnólachtaí bia beaga.

I ndáil le faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh leis na Rialacháin um Chleachtais Éagóracha Trádála, thacaigh an Rialálaí le gnólachtaí ábhartha a gcéad tuarascálacha ar chomhlíonadh a chur isteach, d'athbhreithnigh sé an teimpléad tuarascála bunaithe ar aiseolas agus ar anailís ar na tuarascálacha sin, rinne sé cigireachtaí ar an láthair, agus déileáil sé le líon méadaithe gearán.

Le linn na bliana, rinne an Rialálaí Agraibhia dhá shuirbhé maidir le heispéiris soláthraithe ar thrádáil in earnáil an agraibhia. Bailíodh aiseolas ó fheirmeoirí, iascairí agus saothróirí sa suirbhé



ar tháirgeoirí príomhúla don dara bliain, agus ag an am céanna, ó thaobh an chéad suirbhé ar sholáthraithe táirgí agraibhia don earnáil miondíola agus mórdhíola, cuireadh tús le próiseas tábhachtach bliantúil chun cleachtais agus brúnna a shainaithint atá roimh ghnólachtaí sa slabhra soláthair. Cé gurbh údar misnigh é leibhéal na rannpháirtíochta, táimid ag súil le cur leis sna blianta amach romhainn.

Ag comhdháil tionscnaimh an Rialálaí i mí na Bealtaine, tugadh príomhghníomhaithe ó gach cearn den slabhra soláthair le chéile chun na torthaí ar an suirbhé ó sholáthraí go miondíol/mórdhíol a fhógairt, chun cloisteáil faoin tábhacht a bhaineann le suirbhéanna soláthraithe ó Bhreithneoir an Chóid Grósaeireachta RA agus chun plé a dhéanamh ar dhearcadh an AE maidir le cothroime agus trédhearcacht. Fóram tábhacht ab ea an t-imeacht



le haghaidh comhrá, agus neartaíodh an tábhacht a bhaineann le teagmháil idir páirtithe leasmhara éagsúla agus idirnasctha lena n-áirítear feirmeoirí, próiseálaithe, miondíoltóirí agus comhlachtaí tionscail.

Bhí teagmháil leanúnach ar siúl leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis an ngá atá le cumhacht reachtúil fheabhsaithe chun sonraí praghais agus margaidh a éileamh, agus tá fáilte roimh thabhairt isteach na Rialachán maidir le hAgraibhia (Faisnéis Phraghais agus Mhargaidh), 2025. Tá sé ríthábhachtach go neartófar feidhm anailíse sonraí praghais agus margaidh an Rialálaí chun a chinntiú gur féidir leis an eagraíocht a sainchúram a chomhlíonadh ar bhealach fiúntach éifeachtach.

Tá an Rialálaí tiomanta d'oibriú go comhoibríoch agus go cuiditheach leis na páirtithe leasmhara go léir chun cabhrú le haon dúshláin a shárú agus na deiseanna atá ar fáil a thapú chun slabhra soláthair níos córa agus níos trédhearcaí a chruthú.

Ba mhaith liom tiomantas leanúnach na foirne, an Bord (as a threoir) agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a aithint. Rinneadh neart dul chun cinn in 2025, agus is maith is féidir leis an Rialálaí Agraibhia a shainchúram a chur chun tosaigh le tionchar agus éifeachtúlacht níos mó sa bhliain amach romhainn.

**Niamh Lenehan**
Príomhfheidhmeannach

# An Rialálaí Agraibhia

## Cé muid féin

Is gníomhaireacht neamhspleách de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara í an Rialálaí Agraibhia (Agri-Food Regulator) a bunaíodh an 13 Nollaig 2023 faoin Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023 (Acht 2023). .

Tá Bord ochtar comhaltaí ar an Rialálaí Agraibhia, cathaoirleach san áireamh. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar an bhfoireann feidhmiúcháin.



[1] *An tAcht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023.*

## Cad a dhéanaimid

| Feidhmeanna an Rialálaí Agraibhia |
|---|
| **Is iad seo a leanas feidhmeanna an Rialálaí Agraibhia mar a fhoráiltear in Acht 2023:** |
| ■ **Cothroime agus trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia** - agus an fheidhm sin á feidhmiú aige, tabharfaidh an Rialálaí aird ar chúinsí agus ar riachtanais na hearnála talmhaíochta agus bia, go háirithe, feirmeoireacht, iascaireacht agus gnólachtaí beaga bia san áireamh. |
| ■ **Faisnéis agus rannpháirtíocht** - foilseoidh an Rialálaí anailís ar fhaisnéis faoi shonraí praghais agus margaidh a bhaineann leis an slabhra soláthair agraibhia agus maidir le saincheisteanna teagmhasacha |
| ■ **Forfheidhmiú an dlí trádála éagórai** - tá an Rialálaí freagrach as an dlí trádála éagórai agraibhia a fhorfheidhmiú agus is é an tÚdarás Forfheidhmithe ainmnithe é mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.[2] |
| ■ **Comhlíonadh an dlí trádála éagórai** - tá an Rialálaí freagrach as tuiscint agus comhlíonadh an dlí trádála éagórai a fheabhsú. |
| ■ **Treoirlínte** - féadfaidh an Rialálaí, chun leasanna soláthróirí a chosaint, treoirlínte a fhoilsiú do cheannaitheoirí maidir le cosaint soláthróirí agus cleachtais trádála, bíodh sé I gcoitinne nó in earnáil trádála, ghnó nó ghairmiúil ar leith.. |
| ■ **Athbhreithniú ar chóid** - féadfaidh an Rialálaí athbhreithniú a dhéanamh ar chóid chleachtais a chuireann ceannaitheoirí isteach. |
| ■ **Faisnéis agus comhairle** - is féidir leis an Rialálaí comhairle a chur ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (an tAire) faoin (a) earnáil talmhaíochta agus bia, agus faoin (b) dlí trádála éagórai agraibhia |
| ■ **Breithniú reachtaíochta** - féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Rialálaí Agraibhia maidir le tograí le haghaidh reachtaíochta a bhaineann le haon ghné den chothroime agus den trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia. |

[2] *Directive (EU) 2019/633 of the European Parliament and of the Council..*

# Fís, Misean agus Luachanna

## Fís

Slabhra soláthair agraibhia a oibríonn ar bhealach cothrom agus trédhearcach agus aird ar leith á tabhairt ar inmharthanacht na feirmeoireachta, na hiascaireachta agus gnólachtaí beaga bia.

## Misean

Gníomhú mar ghlór neamhspleách i gcur chun cinn na cothroime agus na trédhearcachta i gcaidrimh gnólacht le gnólacht feadh an tslabhra soláthair agraibhia trí, go háirithe, mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí trádála éagóraí agus rannpháirtíocht réamhghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le gníomhartha chun trédhearcacht a fheabhsú.

## Luachanna

- **Neamhspleáchas**
  táimid neamhspleách agus táimid tiomanta do chinnteoireacht agus do sholáthar faisnéise atá bunaithe ar fhianaise.
- **Comhoibríoch**
  oibrímid i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar bhealach a thógann agus a chothaíonn muinín agus a chuireann nuálaíocht chun cinn.
- **Cothroime**
  bímid gairmiúil inár n-iompar i gcónaí agus oibrímid go gníomhach chun cultúr ionracais agus measa a chothú i ngach a ndéanaimid.
- **Cuntasach**
  táimid cuntasach as ár ngníomhartha agus táimid trédhearcach maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid na hacmhainní atá ar fáil dúinn..



# Ráiteas Straitéise 2024 - 2026

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2024-2026 treochlár d’obair an Rialálaí faoi cheithre phríomhchuspóir fhoriomlána agus 17 ngníomh sonracha.

## Príomhchuspóirí

| Forfheidhmiú an dlí trádála éagóraí agraibhia | Trédhearcacht fheabhsaithe maidir le feidhmiú an tslabhra soláthair agraibhia | Cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn | Acmhainn eagraíochtúil a thógáil agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní chun seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar |
|---|---|---|---|
| Creat rialála foriomlán a fhorbairt (tacaíocht, monatóireacht agus forfheidhmiú) | Bealaí agus nósanna imeachtaí gaolmhara rannpháirtíochta éifeachtacha le páirtithe leasmhara a fhorbairt | Feasacht agus tuiscint ghinearálta a chothú ar ról an Rialálaí | An struchtúr riaracháin a chruthú chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht agus córais chuí i bhfeidhm |
| Cigireachtaí comhlíontachta a dhéanamh | Anailís a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí faoi shonraí praghais agus margaidh | Plean cuimsitheach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a fhorbairt | Úsáid éifeachtach acmhainní daonna agus sásraí bainistíochta feidhmíochta |
| A chinntiú go gcuirtear tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh ó cheannaitheoirí isteach i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla | Faisnéis faoi shonraí praghais agus margaidh a lorg ó ghnólachtaí feadh an tslabhra soláthair agraibhia nach bhfuil ar fáil go poiblí | Rannpháirtíocht ghníomhach le lucht déanta beartas trí struchtúir chuí | Rannpháirtíocht réamhghníomhach agus thacaithe ag an bhfoireann agus ag an mBord le deiseanna oiliúna agus forbartha |
| Rannpháirtíocht ghníomhach go hidirnáisiúnta | Breithniú gníomhach ag an Rialálaí ar chásanna inar iomchuí treoirlínte do cheannaitheoirí a bheith ar fáil | | Saineolas seachtrach a úsáid nuair is iomchuí chun acmhainn a thógáil |
| Nós imeachta gearán a oibriú de réir forálacha reachtúla | | | Úsáid éifeachtach a bhaint as bonneagar TF agus é a fhorbairt de réir mar a athraíonn an eagraíocht agus na riachtanais |

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo tuilleadh sonraí faoin obair a rinneadh le linn 2025 chun na spriocanna straitéiseacha sin a bhaint amach.

# 2025 i mbeagán focal

## Forfheidhmiú an dlí trádála éagóraí agraibhia

Rannpháirtíocht leanúnach agus rialta leis na miondíoltóirí, na mórdhíoltóirí agus na ceannaitheoirí ó táirgeoirí príomhúla is mó

Próiseáladh gearáin, agus cuireadh tús le himscrúduithe i gcás inarbh iomchuí

Tugadh faoi ghníomhartha forfheidhmithe

Rinneadh cigireachtaí comhlíontachta

Fuarthas tuarascálacha bliantúla ó 'Cheannaitheoirí Tuairiscithe Comhlíontachta'

Rannpháirtíocht ghníomhach ar leibhéal an AE (go háirithe i ndáil le hathbhreithniú ar Threoir CÉT) lena n-áirítear Líonra na nÚdarás Forfheidhmithe

## Trédhearcacht fheabhsaithe sa slabhra soláthair agraibhia

Cuireadh creat comhair le páirtithe leasmhara i bhfeidhm maidir le hiarrataí sonraí

Rinneadh athbhreithniú le páirtithe leasmhara ar an eispéireas ar iarrataí sonraí go dtí seo

Rinneadh deaiseanna idirghníomhacha sna hearnálacha déiríochta, uibheacha agus éanlaithe clóis, gairneoireachta, caorach agus torthaí

Dheonaigh an tAire an chumhacht (ón 31 Nollaig 2026) chun iallach a chur ar ghnólachtaí sonraí a sholáthar chun trédhearcacht a fheabhsú

## Cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara

Gníomhaíochtaí cumarsáide / feachtais le haghaidh an mhéid seo a leanas

- na miondíoltóirí, na mórdhíoltóirí, na ceannaitheoirí ó tháirgeoirí príomhúla agus na heagraíochtaí trádála is mó maidir le hoibleagáidí an dlí trádála éagóraí
- comhlachtaí ionadaíocha soláthraithe maidir le tuiscint agus feasacht ar chearta soláthraithe faoin dlí trádála éagóraí
- na páirtithe leasmhara go léir maidir le conas deaiseanna idirghníomhacha an Rialálaí a úsáid

Rinneadh suirbhéanna, agus foilsíodh torthaí

Na meáin agus cumarsáid ghinearálta chun aird a tharraingt ar an Rialálaí agus a phríomhfheidhmeanna

Freastal ar imeachtaí éagsúla páirtithe leasmhara agus tionscail ar fud na tíre

Comhdháil Tionscnaimh an Rialálaí Agraibhia

## Tógáil acmhainne eagraíochtúla

Méadú mór ar líon na foirne

Forbraíodh Plean Straitéiseach don Fhórsa Saothair

Fuarthas seirbhísí seachtracha de réir mar a éilíodh

Forbairt bhreise beartas agus nósanna imeachta

Forbairt leanúnach féiniúlachta eagraíochtúla trí shoiléireacht a sholáthar maidir le feidhmeanna agus raon feidhme a fhorbairt trí cheangal le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí go háirithe



# Monatóireacht agus Forfheidhmiú an Dlí Trádála Éagóraí Agraibhia

Tá cumhachtaí imscrúdaitheacha láidre ag an Rialálaí chun faireachán a dhéanamh ar an dlí trádála éagóraí agraibhia agus é a fhorfheidhmiú faoi Acht 2023 agus faoi na Rialacháin ghaolmhara.

Mar an t-údarás forfheidhmithe ainmnithe faoi Threoir an Aontais maidir le cleachtais éagóracha trádála, oibríonn an Rialálaí chun a chinntiú go bhfuil an creat chun a fheidhm forfheidhmithe reachtaíochta a chur chun feidhme trédhearcach agus go gceadaíonn sé do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí a gcearta agus a n-oibleagáidí a thuiscint go hiomlán.

Le linn 2025, lean an Rialálaí le rannpháirtíocht fhairsing a dhéanamh leis na miondíoltóirí, na mórdhíoltóirí agus na ceannaitheoirí díreacha agraibhia ó tháirgeoirí príomhúla is mó tríd an gcreat rialála atá i bhfeidhm. De bharr idirghníomhaíochtaí éagsúla le linn na bliana, bhí deis ann don Rialálaí dul i dteagmháil leis na ceannaitheoirí maidir lena gcur chuige i leith chomhlíonadh an dlí trádála éagóraí.

## Gníomhaíochtaí Faireacháin ar Chomhlíonadh

### Cigireachtaí

Rinne an Rialálaí sé chigireacht chomhlíontachta ar an láthair le linn na bliana. Féachann na cigireachtaí sin lena chinntiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta, na córais, na sásraí rialaithe inmheánaigh agus na socruithe a bhaineann le cleachtais éagóracha trádála agus aon sásraí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh, i ngnólacht i gcomhréir le hAcht 2023 agus leis na Rialacháin ghaolmhara.

### Ceannaitheoirí Tuairiscithe Comhlíontachta

**Sainmhínítear Ceannaitheoir Tuairiscithe Comhlíont mar seo a leanas**

- ☑ **aon duine nádúrtha nó dlíthiúil nó grúpa daoine nádúrtha nó dlíthiúla atá bunaithe sa Stát**
- ☑ **a cheannaíonn táirgí talmhaíochta agus bia, agus**
- ☑ **a raibh láimhdeachas bliantúil ar luach níos mó ná €50,000,000 acu sa bhliain roimhe sin.**

*I.R. Uimh. 623/2023 – na Rialacháin maidir le Slabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia (Trádáil Éagórach), 2023.*

Ceanglaítear ar Cheannaitheoirí Tuairiscithe Comhlíontachta tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh a chur faoi bhráid an Rialálaí ina sonraítear a mhéid a chomhlíon an ceannaitheoir na Rialacháin maidir le Trádáil Éagórach chun tréimhse na bliana féilire roimhe sin a chlúdach. Leis na tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh sin, cuirtear ar chumas an Rialálaí faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha na Rialachán maidir le Trádáil Éagórach, agus úsáidtear iad mar bhonn eolais faoi chigireachtaí rioscabhunaithe a dhéantar ar ghnólachtaí ar ceannaitheoirí agraibhia iad.

Is é an spriocdháta reachtúil chun tuarascálacha ar chomhlíonadh ó ghnólachtaí ábhartha a chur isteach ná an 31 Márta gach bliain. Fuair an Rialálaí na chéad tuarascálacha in 2025 a bhain leis an mbliain roimhe sin. Sholáthair an Rialálaí teimpléad le haghaidh na tuarascála d'oifigigh idirchaidrimh i ngach gnólacht, agus thug baill foirne cúnamh do ghnólachtaí ag a raibh ceisteanna maidir leis an bhfaisnéis a éilíodh a sholáthar sa tuarascáil. Bunaithe ar na ceisteanna a fuarthas, forbraíodh roinnt 'ceisteanna coitianta', agus foilsíodh ar an suíomh gréasáin iad.

Leasaíodh teimpléad na tuarascála ar chomhlíonadh le haghaidh thuairisceáin 2025 (dlite i mí an Mhárta 2026) tar éis athbhreithniú ar an bpróiseas timthrialla le haghaidh na chéad tuarascála bliantúla. Chomh maith leis sin, forbraíodh treoirdhoiciméad, agus soláthraíodh do gach gnólacht ábhartha é in éineacht leis an teimpléad le cabhrú lena chríochnú.

## Cleachtais Éagóracha Trádála (CÉTanna) agus Suirbhéanna Trádála Ginearálta

Rinne an Rialálaí Agraibhia dhá shuirbhé le linn 2025.

Tá na suirbhéanna ina bpríomhghnéithe d'obair an aonaid um Chomhlíontacht agus Forfheidhmiú maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála. Tá na torthaí mionsonraithe ar an dá shuirbhé foilsithe ar shuíomh gréasáin an Rialálaí. w

### Suirbhé Soláthraithe

I mí Feabhra, rinneadh an chéad suirbhé ar sholáthraithe táirgí agraibhia d'ocht ngnólacht shonracha ar ceannaitheoirí iad sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola inar clúdaíodh dhá réimse: comhlíonadh na Rialachán maidir le Trádáil Éagórach agus saincheisteanna trádála ginearálta. Chomhoibrigh an Rialálaí leis na gnólachtaí lena mbaineann ar ceannaitheoirí iad (Aldi Ireland, BWG Foods, Dunnes Stores, Lidl Ireland, Marks and Spencer Ireland, Musgrave Group, Sysco Ireland agus Tesco Ireland) agus an suirbhé á fhorbairt, agus d'iarr sé go roinnfidís an nasc suirbhé go díreach lena gcuid soláthraithe

Fuarthas 306 freagairt ar an suirbhé inar tugadh mionsonraí ar 948 caidreamh trádála san iomlán. Seoladh torthaí an tsuirbhé ag Comhdháil an Rialálaí Agraibhia i mí na Bealtaine.









Seal a leanas na príomhthorthaí:

- Ardleibhéal foriomlán de shástacht soláthraithe maidir leis an tslí a gcuireann ceannaitheoirí a ngnó i gcrích;
- Ardleibhéil chomhlíontachta leis na Rialacháin maidir le Trádáil Éagórach, ach luaigh aon fhreagróir amháin as gach seachtar go bhfuil siad fós faoi chuing CÉT;
- Ba iad an dá fhadhb ba choitianta ar thagair na freagróirí dóibh ná an ceangal ar sholáthraithe íoc as caillteanas nó as meath táirge mar aon le híocaíochtaí moillithe;
- Ba iad na príomhchúiseanna a bhí ag soláthraithe gan saincheisteanna a phlé le ceannaitheoirí ná easpa feasachta ar chearta agus an fonn a bhí orthu leanúint ar aghaidh le caidreamh seanbhunaithe, agus
- Ba é an t-ábhar imní ba mhó a luaigh soláthraithe don bhliain amach romhainn ná méaduithe costais agus boilsciú (70%)




## Suirbhé Táirgeoirí Príomhúla

Rinneadh an dara suirbhé ar tháirgeoirí príomhúla i mí Mheán Fómhair.

Fuarthas 241 freagairt san iomlán, agus luaigh 46 % de na freagróirí nár ardaigh siad sárú líomhnaithe CÉT le haon duine (laghdú 60% ó shuirbhé 2024).

## Tuarascáil ar Ghearáin agus Imscrúduithe

Tá foirm thaiscthe ghearáin shlán ar líne ar shuíomh gréasáin an Rialálaí inar féidir le soláthróirí agraibhia gearán a chur faoi bhráid an Rialálaí faoi rún. Is féidir gearáin a chur isteach trí ríomhphost, ar an teileafón nó tríd an bpost freisin.

Déantar measúnú scagtha ar dtús, scrúdú mionsonraithe ar fhíorais an cháis chun a chinneadh an dtagann sé faoi raon feidhme na Rialachán sula ndéantar an t-ábhar a uaschur, más iomchuí le haghaidh imscrúdaithe.

Leanann an Rialálaí Agraibhia de bheith ag fáil faisnéise gan ainm tríd an tsaoráid foirme leide ar líne ar a shuíomh gréasáin, agus coimeádtar an fhaisnéis sin go léir a fhaightear le haghaidh imscrúduithe féideartha amach anseo, má mheastar gur iomchuí.

In 2025, rinne an Rialálaí scrúdú ar 51 gearán, agus tugadh 14 díobh ar aghaidh ón mbliain 2024. Bhí 17 ngearán san iomlán fágtha faoi athbhreithniú ag deireadh na bliana.

Cuireadh tús le 25 imscrúdú in 2025. Cuireadh deireadh le dhá cheann díobh sin, agus bhí 23 imscrúdú ar siúl ag deireadh na bliana.

| Gearáin | 2025 |
|---|---|
| Gearáin a fuarthas | 37 |
| Gearáin a tugadh ar aghaidh | 14 |
| Iomlán na ngearán ar a ndearnadh scrúdú | 51 |
| Gearáin ar cuireadh deireadh leo | 34 |
| **Imscrúduithe** | |
| Imscrúduithe a osclaíodh | 25 |
| Imscrúduithe dúnta | 2 |

Chomh maith le gearáin agus leideanna a fuarthas a phróiseáil, d'fhreagair an Rialálaí roinnt fiosrúchán ó dhaoine aonair a bhí ag lorg treoir agus/nó soiléiriú maidir leis na Rialacháin atá i bhfeidhm agus infheidhmeacht na reachtaíochta ina gcásanna féin.

## Gníomhaíochtaí AE

Ghlac an Rialálaí Agraibhia páirt ghníomhach i Líonra na nÚdarás Forfheidhmithe (ÚF) ar leibhéal an AE. Áiríodh leis sin páirt a ghlacadh sa chruinniú iomlánach den Líonra Forfheidhmithe um CÉT, agus cur i láthair a dhéanamh, an 19 Samhain 2025. Áiríodh sa chruinniú sin pléití ar an meastóireacht ar Threoir CÉT, agus pléadh eispéiris na mBallstát ar iontaoibh a chothú laistigh de shlabhra an tsoláthair bia agus ar aghaidh a thabhairt ar an 'bhfachtóir eagla' a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le soláthraithe gan CÉTanna féideartha a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe.

Ar an 1 Nollaig, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil3 ina bhfuil achoimre ar phríomhthorthaí na chéad mheastóireachta ar an Treoir maidir le CÉTanna i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.

Ghlac an Rialálaí Agraibhia páirt i bpléití agus i roinnt meithleacha freisin maidir le forbairt Rialachán AE nua i ndáil le comhoibriú i measc na n-údarás forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú na Treorach CÉT.

[3] *Meastóireacht ar Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála.*



# Trédhearcacht feadh an tSlabhra Soláthair a Fheabhsú

Tá an Rialálaí freagrach as cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia. D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú, tá sé de chúram ar an Rialálaí anailís a fhoilsiú ar fhaisnéis faoi shonraí praghais agus margaidh a bhaineann le slabhra an tsoláthair agraibhia.

Ag cur leis an obair thosaigh a rinneadh in 2024, rinne an Rialálaí tuarascálacha deaise idirghníomhaí ar na hearnálacha déiríochta, uibheacha agus éanlaithe clóis, gairneoireachta, caorach agus torthaí, agus chuir sé ar fáil ar an suíomh gréasáin iad. Sna tuarascálacha sin, tugtar faisnéis atá ar fáil go poiblí le chéile sna hearnálacha faoi seach agus é mar aidhm acu trédhearcacht agus tuiscint ar an margadh a fheabhsú.

Leis na tuarascálacha sin, tá bonnlíne bhunúsach ann ar féidir a chur léi de réir mar a ullmhaíonn an Rialálaí do na cumhachtaí a deonaíodh le déanaí a fheidhmiú chun faisnéis phríobháideach phraghais agus mhargaidh a lorg ó ghnólachtaí ar fud shlabhra an tsoláthair agraibhia agus iallach a chur orthu í a thabhairt nuair is gá.

## Feidhm Nua an Rialálaí Agraibhia

I mí Mheán Fómhair 2024, scríobh Bord an Rialálaí Agraibhia chuig an Aire agus é ag moladh go dtabharfaí Rialacháin bhreise isteach chun ligean don Rialálaí iallach a chur ar ghnólachtaí faisnéis phraghais agus mhargaidh a sholáthar.

Ar an 16 Nollaig 2025 shínigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Martin Heydon TD, na Rialacháin maidir le hAgraibhia (Faisnéis Phraghais agus Mhargaidh), 2025 (I.R. Uimh. 629 de 2025) [4] ina ndlí go hoifigiúil. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2026.





*[4] Na Rialacháin maidir le hAgraibhia (Faisnéis Phraghais agus Mhargaidh), 2025.*



# Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Éifeachtach le Páirtithe Leasmhara

Tá an Rialálaí tiomanta do thacú le comhlíonadh an dlí trádála éagórai agus oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara feadh an tslabhra soláthair agraibhia chun trédhearcacht a mhéadú. Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach ríthábhachtach chun caidrimh a thógáil agus chun leas a bhaint as acmhainneacht ról an Rialálaí.




## Rannpháirtíocht agus Feasacht

Le linn 2025, leanadh le hiarrachtaí fairsinge chun páirtithe leasmhara éagsúla a chur ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia a bheith ann agus chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt ar a fheidhmeanna.

Seo a leanas forbhreathnú ar na príomhghníomhaíochtaí:

- Rannpháirtíocht fhairsing leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara agus le comhlachtaí ionadaíocha i gcás inarbh iomchuí. Ghlac an Rialálaí páirt freisin i roinnt comhdhálacha agus in imeachtaí eile ar cuireadh.
- Reáchtáladh feachtas faoi 'cheannaitheoirí tuairiscithe comhlíontachta' go luath in 2025 chun gnólachtaí ábhartha a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Trádáil Éagórach.
- Lean an Rialálaí de bheith ag forbairt acmhainní a shuímh gréasáin agus na 'ceisteanna coitianta' á nuashonrú bunaithe ar idirghníomhaíochtaí leanúnacha le páirtithe leasmhara.
- Tionóladh cruinnithe le comhlachtaí páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí, Bord Bia, Teagasc agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí san áireamh, chun an Rialálaí agus a shainchúram a bhunú a thuilleadh laistigh de thimpeallacht earnáil an agraibhia. Rinneadh iniúchadh ar dheiseanna chun comhoibriú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh.







- Bhain baill foirne, Niamh Lenehan, POF san áireamh, leas as deiseanna cainte sna meáin agus ag comhdhálacha chun obair an Rialálaí a chur chun cinn.
- D’fhreastail an Rialálaí freisin ar Sheó Thulach Mhór i mí Lúnasa agus ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair, agus chuaigh sé i dteagmháil fhairsing le cuairteoirí i ngach cás.
- Lean an Rialálaí de láithreacht thiomnaithe ar na meáin shóisialta ar fud roinnt ardáin ar líne a choinneáil..






An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator
Address
Joe Healy,
Chair of the Board,
An Rialálaí Agraibhia
An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta
### Faireachlann Shlabhra Agraibhia an AE

Fógraíodh bunú Fhaireachlann Shlabhra Agraibhia an AE (FSAB) i mí an Mhárta 2024 mar chuid d'iarrachtaí AE staid feirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia. Tá ionadaíocht á déanamh ar FSAB d'Éirinn ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chomh maith leis an Rialálaí Agraibhia.

Mar ghrúpa neamhfhoirmiúil, tá sé mar aidhm ag AFCO trédhearcacht agus tuiscint a fheabhsú sa slabhra soláthair agraibhia trí phraghsanna, costais agus dáileadh corrlach agus breisluach a anailísiú agus rialacha rúndachta agus iomaíochta á n-urramú ag an am céanna. Gné thábhachtach den obair is ea muinín a chothú i measc na ngníomhaithe uile atá bainteach leis an slabhra soláthair agraibhia.

Ghlac an Rialálaí páirt i dtrí chruinniú de FSAB le linn na bliana. Tá cuir chuige chun trédhearcacht a fheabhsú ar fud an tslabhra soláthair ina n-ábhar roinnt cás-staidéar a chuir Ballstáit éagsúla i láthair tríd an ngrúpa. Ina theannta sin, tá béim ar bhailiú na bhfoinsí sonraí ábhartha atá ar fáil go poiblí.

### Breithneoir an Chóid Grósaeireachta

D'iarr an Rialálaí Agraibhia ar Mark White, POF Bhreithneoir an Chóid Grósaeireachta (BCG) labhairt ag comhdháil an Rialálaí i mí na Bealtaine 2025. Is oifig reachtúil neamhspleách é Breithneoir an Chóid Grósaeireachta a rialaíonn an caidreamh idir miondíoltóirí ainmnithe agus a soláthraithe díreacha tríd an gCód Cleachtais um Sholáthar Earraí Grósaera san RA.




IRISH BABY
POTATOES

# Tógáil Acmhainne Eagraíochtúla

Déanann an Rialálaí iarracht lucht saothair éifeachtach a thógáil a ghlacann páirt ghníomhach i ndeiseanna forbartha agus timpeallacht oibre a chruthú atá solúbtha agus nuálach agus oiriúnach d'eagraíocht a bhfuil sainchúram reachtach dian uirthi.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an Rialálaí Agraibhia tiomanta do chomhdheiseanna fostaíochta agus tá gach cinneadh fostaíochta bunaithe ar fhiúntas, cáilíochtaí agus cumais. Léiríonn beartas earcaíochta na heagraíochta an creideamh go bhfuil éagsúlacht i ngach réimse, léiriú inscne, cúlraí cultúrtha, glúine, teanga agus náisiúnta san áireamh, riachtanach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i margaí baile agus domhanda.

Tá an Rialálaí Agraibhia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus a chinntiú nach bhfaigheann aon bhall foirne ná iarratasóir fostaíochta cóireáil is lú fabhar ná aon duine eile ar fhorais inscne, stádais phósta, stádais teaghlaigh, claonadh gnéasach, creidimh reiligiúnacha, aoise, míchumais, cine nó ballraíocht den lucht siúil. Tá cláir forbartha pearsanra agus foirne struchtúrtha dá réir sin.

Déanann an Rialálaí iarracht cabhrú le baill foirne maidir le riachtanais ghairme agus phearsanta agus cuireann sé beartais chuí i bhfeidhm a chlúdaíonn réimsí amhail forbairt ghairmiúil, obair chumaisc, saoire staidéir, obair sholúbtha agus sosanna gairme. Tá an Rialálaí tiomanta freisin do chur chun feidhme bheartas an rialtais i ndáil le fostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí.

Cuireadh oiliúint maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú ar fáil do gach ball foirne i mí na Nollag.

## Beartais Eagraíochtúla

Le linn 2025, lean an eagraíocht de bheith ag forbairt agus ag feabhsú a beartas agus a nósanna imeachta.

Fuair an Rialálaí seirbhísí ó sholáthraithe seachtracha chun réimsí na nAcmhainní Daonna, na Cosanta Sonraí, an Dlí, na Seirbhísí Airgeadais, an Chaidrimh Phoiblí agus an Taighde Margaidh a chlúdach.

## Soláthar Foirne

Ag deireadh na bliana, shroich an Rialálaí 17 mball foirne mar a leithdháileadh ar bhunú dó. Cuireadh Plean Straitéiseach don Fhórsa Saothair faoi bhráid an Aire le linn na bliana. Leithdháileadh cúigear ball foirne breise ar an Rialálaí le haghaidh 2026.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Cuireann an Rialálaí Agraibhia forálacha na reachtaíochta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair chun feidhme, ullmhú agus oibriú Ráitis Sábháilteachta san áireamh lena gcumhdaítear gach ní a mbíonn tionchar aige ar shábháilteacht, sláinte agus leas na foirne agus na gcuairteoirí ar áitreabh an Rialálaí.



# Rialachas Corparáideach

## Struchtúir an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus seachtar gnáthchomhaltaí (agus triúr acu ar a laghad ina dtáirgeoirí príomhúla) arna gceapadh ag an Aire ar Bhord an Rialálaí Agraibhia. Tugann an Bord treoir straitéiseach don Fheidhmeannacht agus í ag comhlíonadh fheidhmeanna an Rialálaí.

Ceapadh na comhaltaí Boird seo a leanas chuig an Rialálaí Agraibhia tar éis próiseas iomaíoch a reáchtáil Boird Stáit faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

| Ainm | Téarma ceapacháin | Cruinnithe Boird ar fhreastail siad orthu in 2025 |
|---|---|---|
| Joe Healy (Cathaoirleach) | 5 bliana | 16 |
| Paul Brophy | 4 bliana | 14 |
| Karen Brosnan | 5 bliana | 15 |
| John Comer | 5 bliana | 15 |
| Margaret Dineen | 5 bliana | 16 |
| Elaine Donohue | 4 bliana | 12 |
| Grace McCullen | 4 bliana | 16 |
| Angus Woods | 4 bliana | 15 |

Bhí ocht gcruinniú Boird sceidealaithe in 2025, agus tharla ocht gcruinniú ad hoc breise le linn na bliana.



## Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is róil ar leithligh iad Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Agraibhia.

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den Bhord agus caidreamh cuiditheach idir an fheidhmeannacht agus comhaltaí an Bhoird, rud a chinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an Bhoird faisnéis ábhartha, chruinn agus thráthúil.

Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas díreach ar an Rialálaí Agraibhia ó lá go lá agus tá sé/sí cuntasach don Bhord as feidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil an Rialálaí. Ba é € €119,882 tuarastal bliantúil an POF agus socruithe caighdeánacha na státseirbhíse ag gabháil leis.



## Coistí an Bhoird

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) freagrach as caidreamh cuí a choinneáil leis na hiniúchóirí seachtracha agus as athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchóireachta inmheánaí, rialuithe inmheánacha agus ar an próiseas iniúchóireachta atá ag an Rialálaí Agraibhia. Cuidíonn sé leis an mBord a chinntiú go léiríonn an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothrom ar sheasamh an Rialálaí.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí an Bhoird leis na míreanna ar an gclár oibre ag tús gach cruinnithe. I measc na míreanna buana ar chlár oibre ag cruinnithe Boird tá dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, tuarascáil ón gCoiste Iniúchóirachta agus Riosca, tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus aon ghnó eile. Déanann an Bord measúnú leanúnach ar rioscaí don eagraíocht agus déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú. Tá beartas bainistíochta riosca bunaithe aige chun rioscaí don eagraíocht a shainaithint, a anailísiú, a mheas agus a mhaolú.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar na nithe atá curtha in áirithe don Bhord le haghaidh cinneadh, agus nach bhfuil tarmligthe chuig an mbainistíocht, ceadú, inter alia, infheistíochtaí móra, conarthaí móra, buiséid bhliantúla, tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais.

## An Cód Cleachtais

Chun críocha chur i bhfeidhm an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, meastar gur Comhlacht Stáit neamhthráchtála é an Rialálaí Agraibhia.

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus dea-chleachtais a choinneáil ar bun agus dearbhaíonn sé go bhfuil forálacha an Chóid á gcur chun feidhme. Tá Téarmaí Tagartha glactha ag an mBord ina leagtar amach an creat reachtaíochta, feidhmeanna ginearálta agus sonracha, dualgais mhuiníneacha, freagrachtaí tuairiscithe, nósanna imeachta chun cinntí a dhéanamh idir cruinnithe an Bhoird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa. Glacadh freisin sceideal foirmiúil de nithe atá curtha in áirithe go sonrach don Bhord le haghaidh cinneadh.

Déanfaidh an Bord athbhreithniú bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Le linn 2025, reáchtáil an Bord dhá sheisiún gan an Coiste Feidhmiúcháin i láthair. Tionóladh dhá chruinniú maoirseachta rialachais idir an Rialálaí agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2025.

## Comhaltaí an Bhoird agus Neamhspleáchas

Tá rochtain ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Bhoird atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta, rialacha agus rialacháin an Bhoird. .

Tá comhairleoirí gairmiúla an Rialálaí ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí an Bhoird de réir mar is gá.

## Cothromaíocht Inscne

Ó bunaíodh an Bord, bhí roinnt chothrom idir comhaltaí boird baineanna agus fireanna agus gan aon phost folamh ag deireadh na bliana. Dá bhrí sin, tá an Bord i gcomhréir go hiomlán le sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ar chomhaltas na mBord Stáit.



## Eitic in Oifigí Poiblí

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 curtha chun feidhme go hiomlán ag an Rialálaí Agraibhia. Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar bhaill foirne ag a bhfuil poist ainmnithe ráitis leasa a chur isteach gach bliain.

## Saoráil Faisnéise

Is eagraíocht fhorordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 í an Rialálaí Agraibhia. Bunaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúla:

- Ceart dlíthiúil do gach duine faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlachta phoiblí, a bhaineann leis/léi féin, a leasú i gcás ina bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- Ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil le cinntí a dhéanann comhlacht poiblí a mbíonn tionchar acu air féin. .

Ina theannta sin, tá an Rialálaí Agraibhia faoi réir cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2019 agus an Rialacháin Ghinearálta (AE) maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2016 freisin. Cosnaíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí príobháideacht daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is faisnéis í sonraí pearsanta a bhaineann le duine beo ar féidir a shainaithint ó na sonraí féin nó i dteannta le faisnéis eile atá á coinneáil.

## Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta don Rialálaí Agraibhia le linn 2025. .

## Íocaíochtaí Prasa

De réir fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a leasaítear le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, tá an Rialálaí Agraibhia tiomanta do chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. Le linn 2025, rinneadh na híocaíochtaí go léir laistigh de 30 lá faoin reachtaíocht. Tá socruithe á ndéanamh chun a chinntiú, ó 2026 ar aghaidh, go gcloíonn an Rialálaí leis an gceanglas Rialtais go ndéantar íocaíochtaí chuig soláthraithe laistigh de 15 lá féilire tar éis sonrasc bailí a fháil.



## Plean Soláthair Chorparáidigh

I bPlean Soláthair Chorparáidigh an Rialálaí Agraibhia, mar atá foilsithe ar an suíomh gréasáin, leagtar amach an chaoi a ndéanann sé a fheidhmeanna soláthair i gcomhréir le Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais agus Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Léirítear sa Phlean tiomantas an Rialálaí do luach ar airgead a bhaint amach agus do na próisis soláthair is éifeachtaí a chur chun feidhme. Faoi Théarmaí Tagartha Bhord an Rialálaí Agraibhia, ní mór don Bhord gach soláthar de €150,000 agus os a chionn a cheadú.

## Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear dualgas dearfach ar chomhlachtaí earnála poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ina gcuid oibre laethúla.

Tá an Rialálaí Agraibhia tiomanta do chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn i ngach gné dár gcuid oibre don fhoireann agus do chustaiméirí araon.


0842
0686
0686

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Cill Dara, W23 X3PH
**Suíomh gréasáin:** www.agrifoodregulator.ie **Ríomhphost:** info@agrifoodregulator.ie **Fón::** (01) 601 9900